

# Ár Straitéis
## 2024

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# Clár na nÁbhar

Ár Misean, ár bhFís agus ár bhFeidhmeanna Reachtúla ..... 1

Cé muid féin, cad a dhéanaimid & conas a dhéanaimid é ..... 2

**1. Ráiteas Tosaigh ón nGobharnóir ..... 3**

Spléachadh ar ár gComhthéacs Oibríochtúil ..... 6

**2. Ár dTreo Straitéiseach ..... 7**

**Dírithe ar an Todhchaí ..... 8**

**Oscailte & Rannpháirteach ..... 10**

**Bunathrú ..... 12**

**Cosaint ..... 14**

**3. Ár Straitéis a chur chun feidhme ..... 16**

**Nóta:** Comhlíonann an Straitéis seo ár gcuid oibleagáidí faoi alt 32B d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 don tréimhse 2025 - 2027.

# Ár Misean

**Freastalaímid ar leas an phobail trí chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a chosaint, á chinntiú ag an am céanna go bhfuil an córas airgeadais ag feidhmiú ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus leas an gheilleagair níos leithne.**

# Ár bhFís

**Aon Bhanc Amháin: Muinín ag an bPobal asainn, Meas ag ár bPiaraí orainn, agus Ionad Oibre sásúil dár bhFoireann**

# Ár bhFeidhmeanna Reachtúla

### Cobhsaíocht Airgeadais

Cobhsaíocht an chórais airgeadais ina iomláine.

### Cobhsaíocht Praghsanna

Mar chuid den Chóras Eorpach Banc Ceannais, tá sé mar phríomhchuspóir ag an mBanc Ceannais cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun.

### Réiteach

Deacrachtaí airgeadais in institiúidí creidmheasa, i ngnólachtaí infheistíochta agus i gcomhair chreidmheasa áirithe a réiteach.

### Rialáil Airgeadais

Rialáil chuí éifeachtach soláthraithe seirbhíse airgeadais agus margaí, á chinntiú lena linn sin go ndéantar leasanna tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint.

### Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra

Oibriú éifeachtach agus éifeachtúil córas íocaíochta agus socraíochta.

### Anailís agus Staidreamh Eacnamaíoch

Anailís agus tráchtaireacht a chur ar fáil chun tacú le forbairt beartais náisiúnta eacnamaíoch.

Cibé feidhmeanna agus cumhachtaí eile a thugtar don Bhanc Ceannais le dlí a chomhall, lena n-áirítear: Oibriú an Phríomh-Chláir Creidmheasa, na Scéime Ráthaíochta Taiscí, an Chiste Cúitimh Árachais agus an Bhunachair Sonraí Náisiúnta d'Fhaisnéis faoi Éilimh.



Siar go “Clár na nÁbhar”

# **Cé** muid féin, **cad** a dhéanaimid, & **conas** a dhéanaimid é.

**Is muidne banc ceannais na hÉireann agus táimid freagrach as cobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choimeád ar bun agus as a chinntiú go mbíonn an córas airgeadais ag obair ar mhaithe le leas an phobail.**

Táimid mar chuid d'aontais airgeadaíochta agus baincéireachta na hEorpa, agus den líonra domhanda rialtóirí airgeadais.

Tá **cosaint daoine** i gcroílár gach a ndéanaimid. Cuirimid anailís, staidreamh agus tráchtas eacnamaíoch ar fáil mar bhonn eolais do chinntí a bhaineann le riachtanais na tíre. Socraímid caighdeáin chun tomhaltóirí a chosaint, agus déanaimid rialáil agus maoirseacht ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais agus ar mhargaí, agus glacaimid gníomh forfheidhmiúcháin nuair is gá dúinn. Táimid freagrach as córais íocaíochta na hÉireann agus as airgeadra na tíre a sholáthar.

Is í **an fhís atá againn** go mbeidh muinín ag an bpobal asainn, go mbeidh meas ag ár bpiaraí orainn agus go mbeidh ionad oibre sásúil ann dár bhfoireann. Bímid ag obair go dlúth le daoine ar fud na hÉireann mar aon le comhghleacaithe ar fud na hEorpa, agus ar fud an domhain, chun ár misean a bhaint amach.

**Creidimid go diongbháilte** i bhfeidhmíocht an Bhainc agus i bhfoireann an Bhainc agus **tá an-dóchas againn astu**. Bímid ag gníomhú ar bhealach inbhuanaithe. Táimid tiomanta don éagsúlacht agus don ionchuimsiú chun muid a neartú mar dhaoine agus mar eagraíocht. Déanaimid mionanailís ar na sonraí is fearr atá ar fáil. Creidimid sa rannpháirtíocht agus i gcumarsáid oscailte, shoiléir, rialta.

Tá **ár luachanna** mar bhonn taca faoin gcaoi ina mbímid ag plé lena chéile agus léiríonn siad na spriocanna atá againn, dúinn féin agus don phobal:

**Ionracas agus bá**, sa chaoi go ndéanaimid an rud ceart, go ndéanaimid beart de réir ár mbriathair agus go mbeidh bá againn le daoine;

**Misneach agus umhlaíocht,** sa chaoi go mbeimid diongbháilte i mbun gnímh, go mbeimid ullamh chun dul i mbun nuálaíochta agus athraithe agus go mbeimid sásta i gcónaí éisteacht agus foghlaim;

**Obair foirne agus sármhaitheas,** sa chaoi go mbainfimid torthaí d'ardchaighdeán amach trí leas a bhaint as ár mbuanna coiteanna, trí dhearcthaí éagsúla a chur san áireamh agus trí iarracht a dhéanamh forghníomhú dea-rialaithe a bhaint amach.

Creidimid go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh banc ceannais neamhspleách ann a bheidh trédhearcach, cuntasach agus nasctha le gach réimse beartais phoiblí, in Éirinn agus ar fud an domhain.

Ár bpríomhaidhm i gcónaí is ea **leas mhuintir na hÉireann.**

Is muidne **Banc Ceannais na hÉireann.**

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem



Siar go "Clár na nÁbhar"



# 1. Ráiteas Tosaigh ón nGobharnóir

**Céim thábhachtach - cor cinniúnach ar go leor bealaí - a bhí i Straitéis 2021 an Bhainc Ceannais le blianta beaga anuas. Ba threo nua don eagraíocht í, sa mhéid gur aithníodh léi, i ndiaidh na n-iarrachtaí rathúla a rinneadh sna deich mbliana roimhe sin chun dul i ngleic le laigí sa chóras airgeadais, gur ghá díriú anois ar na dúshláin a bhí ag teacht chun cinn mar gheall ar an athrú mear casta, go háirithe sa teicneolaíocht.**

D'aithníomar nárbh fhéidir linn fanacht socair dá mba mhian linn ár bhFís a bhaint amach, is í sin: 'Aon Bhanc Amháin: muinín ag an bpobal asainn, meas ag ár bpiaraí orainn, ionad oibre sásúil don fhoireann'. Dá bhrí sin, chinneamar ar straitéis ina raibh ceithre théama idirnasctha - dírithe ar an todhchaí, oscailte agus rannpháirteach, bunathrú, cosaint - téamaí a bhí ag freagairt d'athnuachan agus d'athshuíomh chun a chinntiú go mbeadh ár dtreo agus ár n-uaillmhianta sna cúig bliana a bhí le teacht sofhreagrach agus réamhbhreathnaitheach.

Ó tharla gurb í an bhliain reatha an pointe leath bealaigh i gcur chun feidhme na straitéise, thapaíomar an deis chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta againn, ár machnamh a dhéanamh ar ár gcomhthéacs oibríochtúil, agus ár dtreo straitéiseach agus ár dtosaíochtaí do na trí bliana atá amach romhainn a dhearbhú.

Is ionann Straitéis 2024 atá leagtha amach sa doiciméad seo agus toradh na hoibre sin.

Maidir le spreagthaí struchtúracha an athraithe atá mar bhonn faoinár dtreo straitéiseach, táimid den tuairim go bhfuil siad ag forbairt den chuid is mó mar a bhí tuartha againn in 2021, ach i gcásanna áirithe, go mbíonn siad ag forbairt ar luas níos tapúla agus le níos mó fuinnimh ná mar bhíomar ag súil leis ar dtús. Bhí athrú tobann go háirithe le trí bliana anuas ar an timpeallacht macrairgeadais sa chaoi gur ghá don bheartas airgeadaíochta dul i ngleic le boilsciú méadaitheach chun a chinntiú go bhfillfeadh sé ar an sprioc ar mhodh inbhuanaithe, agus le luaineacht agus le héiginnteacht ní b'airde de thoradh teannas geopholaitiúil (a raibh iarmhairtí aige ar an idirnascthacht eacnamaíoch domhanda). I dteannta na bhforbairtí sin, feicimid na dúshláin chasta a bhaineann le dul i ngleic leis an athrú aeráide, arb é an duine is cúis leis, fad atá an fhorbairt leanúnach ar an ngeilleagar faisnéise ag cur leis an dul chun cinn mear i luas agus i bhfairsinge an digitithe, le húsáid níos leithne na hintleachta saorga, agus le huileláithreacht na meán sóisialta.



Siar go "Clár na nÁbhar"

In Éirinn, tá an geilleagar tagtha chuige féin arís i ndiaidh na paindéime. Tá méadú níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis tagtha ar fhíorioncam indiúscartha na dteaghlach agus ar leibhéil an éilimh intíre, agus bhí margadh saothair láidir ag tacú leis sin. Tá an earnáil airgeadais athléimneach i gcónaí, agus leanann sí de sheirbhísí ríthábhachtacha a chur ar fáil do theaghlaigh agus do ghnóthaí in Éirinn agus thar lear. Tá an earnáil ag forbairt i gcónaí, i dtéarmaí a méide, a castachta agus a nascthachta idirnáisiúnta. Idir 2016 agus 2022, tháinig méadú €2.5 trilliún ar na sócmhainní iomlána agus méadú 25 faoin gcéad ar líon na ngnólachtaí a bhíonn á rialáil againn. Tá Éire ar cheann de na cúig dhlínse cistí is mó ar domhan agus is suíomh tarraingteach méadaitheach i gcónaí í don earnáil idirnáisiúnta seo. Tá fás suntasach tagtha ar an earnáil teicneolaíochta airgeadais freisin: in earnáil na n-íocaíochtaí amháin, tháinig méadú faoi thrí ar líon na nInstitiúidí Ríomh-Airgid atá á rialáil ag an mBanc Ceannais le 6 bliana anuas.

É sin ráite, tá dúshláin ag baint le hathbhorradh an gheilleagair agus le fás leanúnach na hearnála airgeadais. Ar go leor bealaí, tá an geilleagar ag déileáil anois le fo-iarmhairtí an ratha, sa mhéid gur gá na dálaí le haghaidh fás inbhuanaithe ar chaighdeáin mhaireachtála a chur chun cinn níos mó sa mheántéarma. Agus, toisc go bhfuil earnáil airgeadais na hÉireann ag leathnú agus ag éirí níos casta, is gá rioscaí a bhainistiú, rud a leagann béim athuair ar an tábhacht a bhaineann le rialáil agus maoirseacht éifeachtach - d'fhonn cobhsaíocht airgeadais a choimeád ar bun agus, ar ndóigh, chun tomhaltóirí agus infheisteoirí a chosaint, rud atá i gcroílar gach a ndéanaimid.

I bhfianaise an chúlra seo, táimid den tuairim go bhfuil an treo straitéiseach a leagamar amach i Meán Fómhair 2021 iomchuí i gcónaí. I Straitéis 2024, athdhearbhaítear ár dtiomantas do na ceithre théama (dírithe ar an todhchaí, oscailte agus rannpháirteach, bunathrú, cosaint) ach tá sí tugtha cothrom le dáta agus leathnaithe againn chun béim a leagan ar roinnt de na gníomhartha a dhéanfaimid chun ár gcuid aidhmeanna a bhaint amach sna trí bliana atá romhainn (2025-27).

Táim bródúil as an dul chun cinn atá déanta ag an mBanc go dtí seo. Tá mórathrú tagtha ar ár rannpháirtíocht le páirithe leasmhara in Éirinn agus tá caidreamh níos láidre bunaithe againn lenár bpiaraí ar fud an domhain. Táimid ag éirí níos solúbtha de réir mar a fhorbraímid ár struchtúir agus ár modhanna oibre. Tá ár rannpháirtíocht méadaithe againn agus tá feabhas suntasach curtha againn ar ár bpróisis údaraithe. Táimid ag éirí níos faisnéisbhunaithe trí bhíthin ár gcuid oibre ar shonraí agus anailísíocht. Ina theannta sin, tá ár mbonneagar fisiciúil agus teicneolaíoch á nua-aoisiú againn.

Ar an iomlán, táimid ag éirí níos athléimní ó thaobh ár misean a bhaint amach, rud a léiríonn tiomantas, diongbháilteacht agus gairmiúlacht ár bhfoirne. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl dóibh as an méid suntasach atá déanta acu chun an Straitéis a bhaint amach.

Tá rún daingean againn leanúint orainn chun ár spriocanna a ghnóthú agus ár bhFís a bhaint amach. Tuigimid go bhfuil níos mó le déanamh againn, agus táimid ag díriú i gcónaí ar an méid is gá dúinn a dhéanamh sna trí bliana atá romhainn chun ár bpríomhchuspóir buan a bhaint amach, is é sin leas an phobail i gcoitinne.



Siar go "Clár na nÁbhar"



**Gabriel Makhlouf**
An Gobharnóir agus Cathaoirleach Choimisiún an Bhainc Ceannais
30 Meán Fómhair 2024



Siar go “Clár na nÁbhar”

# Spléachadh ar ár gComhthéacs Oibríochtúil

**Chun a chinntiú go bhfuil ár dtreo straitéiseach freagarthach agus réamhbhreathnaitheach i gcónaí, tá athmheasúnú déanta againn ar na príomhghnéithe ar dóigh dóibh tionchar a imirt ar an gcomhthéacs oibríochtúil reatha agus amach anseo ina mbíonn ár ról á chomhlíonadh againn agus ina mbeidh Ár Straitéis á cur chun feidhme againn sna trí bliana atá romhainn.**

Tá dul chun cinn tapa sa teicneolaíocht ag cur isteach ar gheilleagair agus ar mhargaí, agus bíonn tionchar aige ar fhás, ar tháirgiúlacht, ar shaothar, agus ar sheirbhísí airgeadais. Dá bhí sin, tá coigeartuithe de dhíth ar anailís eacnamaíoch, ar cheapadh beartais, agus ar rialáil airgeadais chun cobhsaíocht airgeadais, muinín sa mhargadh agus cosaint tomhaltóirí a chothabháil.

Tá athruithe geopholaitiúla ag cruthú timpeallacht idirnáisiúnta ina bhfuil iomaíocht mhéadaitheach, rioscaí ardaithe maidir le coinbhleachtaí faidréiseacha agus éiginnteacht mhéadaithe beartais, rud a dhéanann difear don chaoi ina ndéanaimid eolas do bheartais AE agus rialtais agus ina n-imreoimid tionchar orthu, agus don chaoi ina gcuirimid comhairle eacnamaíoch, agus saineolas rialála ar fáil.

Maidir leis na hiarrachtaí chun impleachtaí fadtéarmacha **rioscaí aeráide agus comhshaoil** a mhaolú, bíonn tionchar acu sin ar an ngeilleagar agus ar an gcóras airgeadais. Tá ról tábhachtach ag an earnáil airgeadais maidir le himpleachtaí fadtéarmacha an athraithe aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta a mhaolú.

Ciallaíonn **idirnascthacht dhomhanda na seirbhísí agus margaí airgeadais** gur gá go gcuirfear san áireamh sa bheartas rialála an comhthéacs intíre, réigiúnach agus idirnáisiúnta, lena ngabhann gnéithe trasearnála, chun tuiscint a fháil ar chineál na rioscaí agus ar an gcaoi inar féidir leo teacht chun cinn.

Bíonn bagairtí sofaisticiúla don chóras airgeadais ó ghníomhairí coiriúla ag síorfhorbairt, go háirithe i réimsí na cibearshlándála, an fhrithsciúrtha airgid, agus na coireachta airgeadais.


Tá muinín in institiúidí poiblí á cur faoi bhrú agus, dá bhrí sin, is gá béim chomhbheartaithe a leagan **ar thrédhearcacht, ar chumarsaid agus rannpháirtíocht éifeachtach, agus ar chuntasacht**.


Siar go “Clár na nÁbhar”



# 2. Ár dTreo Straitéiseach

**Tá na spriocanna atá taobh thiar dár dtreo straitéiseach, leagtha amach faoi cheithre théama nasctha.**





# TÉAMA 1: Dírithe ar an Todhchaí

## Cur chuige réamhbhreathnaitheach a ghlacadh – athruithe ar an ngeilleagar agus ar an gcóras airgeadais a thuar agus freagairt go réamhghníomhach dóibh.

Tá sé riachtanach go mbeidh an Banc Ceannais **Dírithe ar an Todhchaí** chun go mbeidh sé ábalta tuiscint níos fearr a shealbhú ar na hathruithe forleathana atá ag tarlú sa gheilleagar agus san earnáil airgeadais, na hathruithe sin a thuar agus é féin a oiriúnú chun dul i ngleic leo, agus béim ar leith á leagan ar nuálaíocht theicneolaíoch, ar an aistriú aeráide agus ar athrú geopholaitiúil.

### A dteastaíonn uainn a bhaint amach

1. Na rioscaí a bhaineann leis an nuálaíocht i mbaincéireacht cheannais agus i seirbhísí airgeadais a thuar agus a bhainistiú, lena n-áirítear, mar shampla, impleachtaí na hintleachta saorga agus an téacschomharthaithe.
2. Neartú a dhéanamh ar athléimneacht an chórais airgeadais in aghaidh rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, agus ar chumas an chórais airgeadais chun tacú leis an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de.
3. Soláthar rogha agus rochtana ar ionstraimí íocaíochta in Éirinn a chur chun cinn, íocaíochtaí airgid agus leictreonacha san áireamh.
4. Ár dtuiscint ar athruithe ar an ngeilleagar agus ar an gcóras airgeadais a fheabhsú trí anailís agus taighde a dhéanamh agus trí staidreamh nua, inrochtana, iontaofa a fhorbairt.

### Cén chuma a bheidh ar an rath

**Beidh ár gcion déanta againn chun earnáil airgeadais nuálaíoch athléimneach a chothú in Éirinn a fhreastalóidh ar riachtanais teaghlach agus gnóthaí amach anseo.**

- Beidh an cumas cuí, an anailís chuí agus an cur chuige cuí maidir le measúnú riosca agus maoirseacht forbartha againn - rud a chuirfidh le nuálaíocht leanúnach teicneolaíochta agus samhlacha gnó sna seirbhísí airgeadais agus sa bhaincéireacht cheannais agus a fhreagróidh di.
- Beidh ról glactha againn i sainaithint agus i mbainistiú rioscaí don chóras airgeadais a éiríonn as tionchar an athraithe aeráide agus comhshaoil, agus beidh ár gcion déanta againn chun aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de.



Siar go "Clár na nÁbhar"

- Beimid ag tacú le híocaíochtaí airgid thirim agus leictreonacha d'fhonn rogha agus rochtain a uasmhéadú, lena n-áirítear trí rannchuidiú le cur chun feidhme na Straitéise Íocaíochtaí Náisiúnta, trí ionad airgid nua a fhorbairt, agus trínár gcuid oibre ar an Euro Digiteach.
- Beidh tuiscint níos fearr againn ar an ngeilleagar agus ar an gcóras airgeadais i gcomhréir lenár dtéamaí tosaíochta, agus beidh raon ár gcuid staidrimh leathnaithe againn i gcónaí chun freastal ar riachtanais na n-úsáideoirí.

**An dul chun cinn atá déanta againn ó 2022 i leith:**

- Leanamar d'infheistíocht a dhéanamh i bhfeabhsú an bhonneagair bunaidh d'íocaíochtaí mar chuid den Eurochóras agus thacaíomar leis an Roinn Airgeadais chun an Straitéis Íocaíochtaí Náisiúnta agus an tionscnamh maidir le Rochtain ar Airgead Tirim a fhorbairt.
- Chuireamar feabhas ar fheidhmiú ár Moil Nuálaíochta agus chuireamar tús leis an obair ar chlár Bosca Gainimh Nuálaíochta a bhunú.
- Rinneamar dul chun cinn maidir leis an obair ar ionad airgid nua an Bhainc Ceannais agus leanamar d'fhorbairt a dhéanamh ar an obair ar Euro Digiteach i gcomhar lenár gcomhghleacaithe Eorpacha.
- Bhunaíomar Fóram Aeráide tras-tionscail chun cur chuige comhroinnte a bhunú idir an earnáil airgeadais agus an Banc Ceannais maidir leis na rioscaí airgeadais agus na deiseanna a bhaineann leis an athrú aeráide a thuiscint agus a bhainistiú. Dhíríomar freisin ar ghníomhaíochtaí riachtanacha chun athléimneacht gnólachtaí seirbhísí airgeadais a neartú i leith rioscaí aeráide agus rioscaí aistrithe trí fheabhas a chur ar ár gcur chuige maoirseachta.
- Trí bhíthin ár gcuid taighde agus anailíse, tá creat forbartha againn le haghaidh comhar agus rannpháirtíocht níos dlúithe le taighdeoirí seachtracha. Ina theannta sin, d'fhoilsíomar Clár Taighde an Bhainc Ceannais don chéad uair ina sonraítear ár dtosaíochtaí taighde agus an chaoi a mbaineann siad leis na príomhcheisteanna beartais atá romhainn agus ár sainordú á chomhlíonadh againn.


Siar go "Clár na nÁbhar"



# TÉAMA 2: Oscailte & Rannpháirteach

## Muinín as ról an Bhainc Ceannais agus tuiscint ar an ról sin a chothú trí rannpháirtíocht agus trí chumarsáid níos láidre leis an bpobal, le páirtithe leasmhara agus le piaraí.

Trína bheith **Oscailte & Rannpháirteach**, dearbhaímid go bhfuil sé mar thosaíocht ríthábhachtach ag an mBanc Ceannais éisteacht lenár bpáirtithe leasmhara, agus dul i mbun plé agus foghlama, sa chaoi gur féidir linn cur le muinín sa chóras airgeadais agus tuiscint níos fearr ar ról an Bhainc Ceannais a chothú.

### A dteastaíonn uainn a bhaint amach

1. Ár rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara ar fud na hÉireann a neartú trí idirphlé oscailte agus trí chaidreamh agus trí chomhpháirtíochtaí a threisiú.
2. Tuiscint níos fearr a chothú ar obair an Bhainc Ceannais agus ar na cúiseanna atá leis an obair sin.
3. Comhoibriú agus caidreamh lenár bpiaraí Eorpacha agus idirnáisiúnta eile a neartú.
4. Ár dtiomantas chun feidhmiú mar eagraíocht inbhuanaithe atá freagrach ón taobh sóisialta de a bhaint amach, agus ár gcuid oibleagáidí maidir le dualgas earnála poiblí a chomhlíonadh[1].

### Cén chuma a bheidh ar an rath

**Beidh muinín an phobail as an mBanc Ceannais neartaithe againn trína bheith trédhearcach, cuntasach agus trí chluas a thabhairt dár bpáirtithe leasmhara agus foghlaim uathu.**

- Beidh cultúr éisteachta agus foghlama curtha chun cinn againn mar chuid dár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara maidir lenár n-obair agus cuspóirí beartais agus beidh tuiscint na bpáirtithe leasmhara sin ar ár ról agus sainordú feabhsaithe againn.
- Beidh feabhas curtha againn ar cheapadh beartas trí thuiscint níos fearr a fháil ar na dearcthaí éagsúla atá ag ár bpáirtithe leasmhara.
- Beidh comhoibriú déanta againn le piaraí idirnáisiúnta chun tionchar a imirt ar fhorbairtí beartais airgeadais agus airgeadaíochta agus chun dul chun cinn a dhéanamh ina leith.

[1] Mar atá leagtha amach inár Measúnacht ar Dhualgas Earnála Poiblí atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin.



Siar go "Clár na nÁbhar"

- Beidh dul chun cinn déanta againn maidir lenár gcuspóirí inbhuanaitheachta eagraíochtúla agus beidh tuilleadh oibre déanta againn leis na pobail áitiúla agus le gníomhaíochtaí deonacha.

**An dul chun cinn atá déanta againn ó 2022 i leith:**

- Thapaíomar deiseanna chun rannpháirtíocht a bheith againn le réimse leathan páirtithe leasmhara ar shaincheisteanna a dhéanann difear don chóras airgeadais trí bhíthin tionscnamh amhail an Chomhdháil um Chóras Airgeadais agus Fóraim an Tionscail Airgeadais, agus cur chuige a fhorbairt maidir le rannpháirtíocht AE agus Idirnáisiúnta lena dtreoraítear ár gcuid iarrachtaí agus obair beartais le piaraí.
- D'fhoilsíomar Cairt Oscailte agus Rannpháirteach 2024-2025 ina leagtar amach ár gcur chuige maidir le rannpháirtíocht éifeachtach. .
- D'fhorbraíomar Creat rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara chun tacú leis an bhfoireann ina gcuid gníomhaíochtaí leanúnacha rannpháirtíochta.
- Trí bhíthin ár gcuid oibre maidir le hinbhuanaitheacht agus freagracht shóisialta, chuireamar ár dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide chun feidhme agus dhíríomar ar ár gcaidreamh leis an bpobal áitiúil a neartú trí chomhpháirtíochtaí áitiúla, agus trí obair chatharnach agus shaorálach.
- I gcomhréir leis na hoibleagáidí dár gcuid a bhaineann le Dualgas Earnála Poiblí, tá réimse tionscnamh curtha chun feidhme againn chun timpeallacht oibre atá eagsúil agus ionchuimsitheach a chothú, agus comhionannas agus cearta an duine a chur chun cinn, lena n-áirítear, mar shampla, oiliúint agus tacaíochtaí feasachta a chur ar fáil dár bhfoireann, ár bPlean Gníomhaíochta um Míchumas a chur chun cinn agus leanúint den inrochtaineacht ar ár suíomh gréasáin a fheabhsú.



# TÉAMA 3: Bunathrú

**Ár mBanc a bhunathrú chun go mbeidh sé níos solúbtha, níos athléimní agus níos faisnéisbhunaithe.**

Le **Bunathrú**, tá sé d'aidhm againn feabhas a chur ar an gcaoi ina mbíonn ár n-eagraíocht ag oibriú, d'fhonn modhanna oibre níos éifeachtúla, níos éifeachtaí, níos oiriúnaí agus níos nuálaí a éascú, trí leas a bhaint as acmhainní aon Bhainc amháin agus ár gcroí-chostais a bhainistiú de réir mar a leanann ár n-ualach oibre de bheith ag méadú i dtéarmaí méide agus castachta. Chuige sin, tá sé sár-riachtanach go dtacóimid lenár mbaill foirne le linn dóibh a gcuid ról a chomhlíonadh ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann, trí shonraí agus trí theicneolaíocht a úsáid chun próisis éifeachtacha, éifeachtúla a chur ar fáil, i dtimpeallacht a bheidh fabhrach dár luachanna.

## A dteastaíonn uainn a bhaint amach

1. Samhail oibre a bhaint amach don todhchaí lena gcruthófar timpeallacht sholúbtha, chomhoibríoch, chomhtháite oibre dár mbaill foirne.
2. An chaoi ina n-úsáidimid sonraí agus anailísíocht a athrú chun ár n-éifeachtacht mar eagraíocht fhaisnéisbhunaithe a spreagadh.
3. Tairbhe a bhaint as an nuálaíocht inár modhanna oibre, lena n-áirítear trí infheistíocht a dhéanamh san athrú teicneolaíoch agus oibríochtúil.
4. Leanúint dár mbainistíocht ar riosca airgeadais agus oibríochtúil agus ar athléimneacht a neartú.
5. Ár mbaill foirne a fhorbairt, ár struchtúir a fhorbairt agus ár n-acmhainní a fheabhsú chun a chinntiú go mbeidh siad oiriúnach don todhchaí.

## Cén chuma a bheidh ar an rath

**Beidh ár n-éifeachtacht agus ár n-éifeachtúlacht feabhsaithe againn trí bhíthin infheistíochtaí straitéiseacha san eagraíocht.**

- Lenár samhail oibre, uasmhéadófar comhoibriú agus solúbthacht.
- Beidh na scileanna, na hinniúlachtaí agus na struchtúir iomchuí againn chun a chumasú don fhoireann ár gcuspóirí a bhaint amach i dtimpeallacht ina gcuirfear obair foirne rannpháirteach, spreagtha chun cinn.



Siar go "Clár na nÁbhar"

- Beidh úsáid bainte againn as cumas an uathoibrithe agus an digitithe chun feabhas a chur ar an gcaoi ina mbímid ag obair.
- Beidh ár n-athléimneacht eagraíochtúil féin neartaithe againn i gcomhréir le hathruithe sa timpeallacht riosca.
- Beidh ár gcuid acmhainní sonraí forbartha againn sa mhéid go mbeidh an eolaíocht agus anailísíocht sonraí ina n-acmhainní lárnacha a dhéanann eolas don chaoi ina mbíonn ár bhfeidhmeanna reachtúla á mbaint amach againn agus an Banc Ceannais a reáchtáil againn.
- Beidh srian coinnithe ar ár gcostais lárnacha oibríochtúla le cuidiú ónár n-infheistíochtaí straitéiseacha san eagraíocht.

### An dul chun cinn atá déanta againn ó 2022 i leith:

- Cuireadh acmhainní teicneolaíocha nua ar fáil, amhail córas bainistíochta um fhianaise fóiréinsice lenar baineadh amach éifeachtúlachtaí suntasacha agus éifeachtacht shuntasach san obair maidir le forfheidhmiú, agus córas faireachais margaidh lena neartaítear ár gcumas faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí trádála i leith drochúsáid margaidh amhrasta.
- Baineadh úsáid as uirlisí nua chun ár ngníomhaíochtaí maoirseachta a fheabhsú, baineadh leas as an teicneolaíocht chun feabhas a chur ár dtairsí tuairiscithe don tionscal agus cuireadh tús leis an obair ar shamhail oibríochtúil níos comhtháite nua maidir leis an gcaoi ina ndéanaimid maoirseacht ar ghnólachtaí.
- Bunaíodh samhail oibríochtúil inmheánach nua chun tacú le bealach níos inoiriúnaithe agus níos inscálaithe maidir le húsáid sonraí agus anailísíochta chun tacú le seachadadh ar fud ár sainordaithe iomláin, agus rinneadh dul chun cinn maidir le tionscnaimh dhigiteacha nua agus feabhsuithe próiseas.
- Cuireadh feabhas ar ár gcreataí inmheánacha bainistíochta riosca agus ar ár n-uirlisí um beartú tosaíochta agus pleanáil ar fud na heagraíochta.
- Thriaileamar samhail hibrideach oibre agus d’aistríomar chuig an tsamhail sin, chuireamar an dlaoi mhullaigh ar ár gcampas comhtháite i gceantar na nDugaí agus chuireamar ardán éisteachta digiteach i bhfeidhm dár mbaill foirne.


Siar go “Clár na nÁbhar”



# TÉAMA 4: Cosaint

**Leanúint dár bpríomhchreatají agus dár gcur chuige a fhorbairt sa chaoi go neartófar ár gcumas chun cobhsaíocht praghsanna agus athléimneacht an chórais airgeadais a choimeád ar bun, á chinntiú lena linn sin go ndéanfar leasanna tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint.**

I dteannta téamaí straitéiseacha eile, léiríonn **Cosaint** ár dtiomantas diongbháilte chun ceapadh, cur chun feidhme agus oibriú ár gcreataí lárnacha beartas agus maoirseachta a neartú. Is trí na creataí seo a bhainimid ár bhfeidhmeanna reachtúla amach.

### A dteastaíonn uainn a bhaint amach

1. Cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun.
2. A chinntiú go bhfuil ár gcreat macrastuamachta oiriúnach don timpeallacht riosca, agus leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar an gcreat macrastuamachta, le béim ar leith ar neamhbhainc.
3. Dlús a chur faoin bhforbairt ar ár gcur chuige rioscabhunaithe maoirseachta sa chaoi go mbeidh sé níos sonraíbhunaithe, agus go mbeidh sé níos solúbtha agus níos inscálaithe.
4. An creat rialála agus ár gcur chuige maidir le maoirseacht ar ghnólachtaí a fheabhsú trí thosaíocht a thabhairt do na nithe seo: (a) leasanna tomhaltóirí, (b) rialachas, cuntasacht, iompraíocht agus iompar, (c) athléimneacht airgeadais agus oibríochtúil, agus (d) an sciúradh airgid / maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac.
5. Trí bhíthin ár gcuid feidhmeanna geatóireachta, tacaítear le muinín a chothú sa chóras airgeadais.
6. Leanúint dár n-acmhainní bainistíochta géarchéime a neartú agus a chinntiú go ngluaisfidh gnólachtaí rialáilte ábhartha i dtreo na hinréiteachta, lena n-áirítear pleanáil le haghaidh córas réitigh a thabhairt isteach don earnáil árachais.

### Cén chuma a bheidh ar an rath

**Go mbeidh feabhas curtha againn ar ghnóthú ár bhfeidhmeanna reachtúla chun tacú lenár Misean a bhaint amach.**

- Go mbeidh ról glactha againn i bhfoirmiú agus i gcur chun feidhme bhearta beartais airgeadaíochta an Eurochórais chun tacú le cobhsaíocht praghsanna.

- Go mbeidh na creataí macrastuamachta agus rialála forbartha againn mar fhreagairt d'fhorbairtí eacnamaíocha, rialála agus córais airgeadais, i gcomhar le piaraí Eorpacha agus domhanda.
- Go mbeidh an creat rialála feabhsaithe againn, lena n-áirítear ár mbearta beartais agus idirghabhálacha maoirseachta, chun tacú le cobhsaíocht an chórais airgeadais agus chun athléimneacht gnólachtaí a mhéadú, agus éifeachtacht an chórais airgeadais a neartú ó thaobh tacú leis an ngeilleagar agus freastal ar leasanna tomhaltóirí.
- Go mbeidh feabhas curtha againn ar ár gcuid próiseas geatóireachta chun a chinntiú go bhfeidhmíonn siad ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, trédhearcach.
- Go mbeidh acmhainní bainistíochta géarchéime agus réitigh neartaithe againn chun go bhféadfar dul i ngleic go héifeachtach le teagmhais dhíobhálacha de réir mar a thagann siad chun cinn, agus gnólachtaí a réiteach ar mhodh ordúil.

**An dul chun cinn atá déanta againn ó 2022 i leith:**

- Cuireadh idirghabhálacha beartais airgeadaíochta chun feidhme chun a chinntiú go bhfillfeadh boilsciú sa limistéar euro ar sprioc 2% ar mhodh inbhuanaithe sa mheántéarma, agus d'aistríomar ár mbéim anailíseach chuig an tionchar a bhíonn ag boilsciú ard agus rátaí úis níos airde ar athléimneacht na dteaghlach, na ngnóthaí agus an gheilleagair níos leithne in Éirinn.
- Rinneamar dul chun cinn maidir leis an gcreat macrastuamachta in Éirinn a fhorbairt, trí dhá mhionathbhreithniú a dhéanamh ar bhearta macrastuamachta reatha do chaipiteal na mbanc agus do na bearta morgáiste, agus trí bhearta macrastuamachta a thabhairt isteach do chistí maoine agus do chistí infheistíochta arna spreagadh ag dliteanas.
- D'fhoilsíomar ár dTuarascáil tionscnaimh ar Ionchas Riosca Rialála & Maoirseachta ina leagtar amach ár dtuairimí ar na príomhrioscaí agus treochtaí a mhúnlaíonn timpeallacht oibríochtúil na hearnála airgeadais agus, dá dhroim sin, ár dtosaíochtaí rialála agus maoirseachta don chéad dá bhliain eile.
- D'fhorbraíomar Creat Cuntasachta Aonair nua agus rinneamar dul chun cinn maidir leis an athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí, fad a leanamar den dul chun cinn maidir leis an obair chun rialacháin AE nua a chur chun feidhme (e.g. MiCAR agus DORA[2]).
- Rinneamar dul chun cinn maidir le hobair bainistíochta géarchéime a bhí ar siúl againn i gcomhar le bainc Éireannacha chun freastal ar ionchais inréititheachta do ghnólachtaí, agus bhíomar ag cur lenár gcumas ullmhachta géarchéime trí ról gníomhach a ghlacadh i bhforbairt creataí bainistíochta géarchéime intíre agus AE agus trí chleachtaí ionsamhlúcháin géarchéime a sheoladh.

[2] Rialachán maidir le Margaí i gCripteashócmhainní(MiCAR) agus Gníomh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA)



Siar go "Clár na nÁbhar"



# 3. Ár Straitéis a chur chun feidhme

**D'fhonn torthaí Ár Straitéise a bhaint amach, beidh orainn leanúint dár bhfeidhmeanna laethúla a chomhlíonadh agus ár n-acmhainní, rioscaí agus ár dtosaíochtaí a bhainistiú, de réir mar a dhéanfaimid ár mbealach sa timpeallacht chasta ina mbímid ag oibriú.**

Trínár Straitéis a bhaint amach, déanfar an chaoi ina mbíonn seirbhísí airgeadais á rialáil agus á maoirsiú againn a bhunathrú sa chaoi go leanfaimid de chosaint a thabhairt do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí i dtimpeallacht athraitheach, agus tacóimid le córas airgeadais cobhsaí, dea-fheidhmiúil ag an am céanna. Tá sé mar aidhm againn taighde, anailís agus staidreamh a úsáid ar mhodh a chothóidh tuiscint níos fearr agus a fheabhsóidh ceapadh beartais agus éifeachtacht ár gcuid oibre. Teastaíonn uainn go mbeidh feabhas curtha againn ar an gcaoi ina mbíonn gnéithe tábhachtacha den eagraíocht á reáchtáil againn, go háirithe i réimsí na teicneolaíochta, na bainistíochta riosca, na pleanála agus an bhunathraithe chun éifeachtúlacht bhreise a chumasú agus chun acmhainní nua, riachtanacha a sholáthar ar mhodh éifeachtach. Ina theannta sin, teastaíonn uainn go mbeidh aistriú soiléir ar an gcaoi ina mbíonn rannpháirtíocht againn lenár bpáirtithe leasmhara chun go spreagfar tuiscint níos fearr ar ár ról agus chun go gcothófar muinín as an mBanc Ceannais agus as an gcóras airgeadais níos leithne. Ar an gcaoi seo, beidh an eagraíocht ullamh chun castachtaí amach anseo agus dúshláin a bhaineann lenár dtimpeallacht oibríochtúil a bhainistiú, sa chaoi gur féidir linn leanúint dár misean a bhaint amach.

Chun gnéithe dár Straitéis a chur chun feidhme, tá gá le hinfheistíocht agus le hathrú eagraíochtúil, rudaí atá á mbaint amach trí chláir ilbhliantúla oibre. D'fhonn luas, seiceamhú agus idirspleáchas laistigh de na cláir oibre seo a bhainistiú, tá dianphróisis coinnithe ar bun againn maidir le rialachas, pleanáil, acmhainní, seachadadh agus tuairisciú ar dhul chun cinn, agus leanfaimid de na dianphróisis sin a choimeád ar bun. I gcás ina mbeidh infheistíochtaí ag teastáil chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, leanfaimid de luach ar airgead a chur san áireamh, le béim ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, agus ar chumas feabhsaithe.

I bhfianaise na n-athruithe suntasacha atá ar siúl laistigh dár gcomhthéacs oibríochtúil, leanfaimid dár dtosaíochtaí straitéiseacha a mheas agus a shainiú chun a chinntiú go léiríonn siad éilimh reatha ár sainordaithe mar aon leis na héilimh atá ag teacht chun cinn.

D'fhonn tacú le trédhearcacht agus cuntasacht le linn dúinn Ár Straitéis a bhaint amach, bainimid úsáid as ár bpróiseas um pleanáil bhliantúil ghnó agus ár bpróiseas tosaíochta. Is trí na próisis sin a dhéanann ceannairí an Bhainc Ceannais agus Coimisiún an Bhainc Ceannais



Siar go "Clár na nÁbhar"

measúnú agus athbhreithniú rialta ar stádas ár gcuspóirí straitéiseacha agus ar na hacmhainní a úsáidfear chun iad a bhaint amach. Inár Straitéis, leagtar béim mhór ar bhearta sonracha a fhorbairt chun faireachán níos dírí a dhéanamh ar ghnóthú torthaí spriocdhírithe. Leanaimid de dhul cinn a dhéanamh sa réimse seo trí tháscairí torthaí agus tomhais feidhmíochta iomchuí a aithint chun cuidiú linn ár ndul chun cinn maidir lenár spriocanna agus torthaí straitéiseacha a mheas.

Leanfaimid orainn ag tuairisciú ar ár bhfeidhmíocht maidir le gach gné dár gcuid oibre inár dTuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta. Ar an gcaoi sin, bíonn ár bpáirtithe leasmhara ábalta measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta againn ó thaobh ár spriocanna straitéiseacha agus ár dtorthaí spriocdhírithe a bhaint amach.




Siar go “Clár na nÁbhar”

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir lenár

**Straitéis**

déan teagmháil linn:

**T**: +353 (0)1 224 6000
**R**: enquiries@centralbank.ie
www.centralbank.ie




Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem